Má tá cónaí in Éirinn ort faoi árachas shláinte ó Bhallstát eile, tá teideal do gach cóir sláinte saor in aisce, a dháiltear de réir dhlí na hÉireann agus bheadh cárta leighis le fáil ina fhianaise air sin. Is dócha gur mar sin a bheadh ach duine a bheith:

- fostaithe nó féinfhostaithe sa Bhallstát eile, ach i do chónaí in Éirinn;
- Pinsinéir ó Bhallstát eile ina chónaí in Éirinn, nach bhfuil ina p(h)insinéir Éireannach agus nach bhfuil fostaithe in Éirinn;
- cleithiúnach ar cheachtar acu.

Oibríthe thar theorainn – rialacha speisialta

Cónaíonn oibrí thar theorainn i mBallstát amháin agus oibríonn i mBallstát eile agus filleann ar Stát a chónaithe uair sa tseachtain ar a laghad. Féadtar cóir leighis a chur ar an oibrí thar theorainn i gceachtar acu – tír an chónaithe nó tír na hoibre. Tá ceart ag cleithiúnaithe an oibrí i leith chóir leighis an Stáit chónaithe. Go hiondúil, gheobhaidh oibrí thar theorainn agus na cleithiúnaithe cárta leighis, fad is nach bhfuil céile/páirtí fostaithe/féinfhostaithe in Éirinn.

Lorgáitear tuilleadh eolais ó FSS (Aguisín 3) maidir leis na cearta seo.

Tá eolas eile faoi, leis na rialacha i leith íoc na gcostas sláinte thar lear, ar fáil ar shuíomh Choimisiún na hEorpa ag:

http://ec.europa.eu/employment_social/social_security_schemes/healthcare/index_en.htm





CAIBIDIL 5

**Timpistí oibre agus galair
cheirde**

D'fhéadfaí Sochair Dhíobhálacha Ceirde a íoc le daoine faoi árachas a ghortaítear san fhostaíocht nó go dtagann galair cheirde áirithe orthu.

Faoi rialacha an AE, tá dhá chuid sna sochair sin – sochair chomhchineáil agus sochair airgid, cosúil le sochair breoiteachta agus mháithreachais.

Sochair chomhchineáil

Tar éis timpiste oibre nó ar thógáil galar ceirde, tá sochair chomhchineáil iníoctha de réir dhlí na tíre ina bhfuil tú i do chónaí. Fiú má íoctar as árachas sóisialta i dtír eile seachas an tír chónaithe.

Sochair airgid

Ag teacht le rialacha an AE, áirítear na sochair airgid seo ina sochair as timpistí oibre agus as galair cheirde:

- Sochar Díobhála;
- Sochar Míthreorach agus Forlíonadh Éagumais;
- Cúram Leighis;
- Sochair Báis.

Sochar Díobhála

Íoctar sochar díobhála nuair nach bhfuil sé ar do chumas obair a dhéanamh ar feadh suas le 26 seachtain, agus é ag tosú ar dháta na timpiste nó ó thagann an galar oibre ort. Má tá éagumas oibre go fóill tar éis 26 seachtain, d'fhéadfaí a bheith i dteideal Sochar Breoiteachta a fháil (féach ar Chaibidil 4).

Cuirtear an fostóir ar an eolas maidir le timpiste oibre i gcónaí. Caithfear Teastas Éagumas Oibre a chur chun na Roinne ar fhoirm speisialta. Tá an fhoirm le fáil de ghnáth ón dochtúir. Cuirtear ceann in aghaidh na seachtaine don obair.

Íoctar ráta pearsanta maraon le méideanna breise do dhuine fásta cáilithe agus do leanaí cáilithe (Caibidil 12) ón 4ú lá éagumais, le seic sa phost gach seachtain.



Sochar Míthreorach agus Forlíonadh Éagumais

Íoctar Sochar Míthreorach nuair a bhíonn easpa ábaltacht coirp nó tinneas as timpiste nó galar ceirde, fiú mura bhfuil easpa cumas oibre ann. Iarrtar an sochar laistigh de thrí mhí ón timpiste nó ón ngalar a thógáil. Sin, nó d'fhéadfaí cuid de a chailliúint.

Braitheann an íocaíocht ar mhéid an éagumais, agus é measta ag dochtúir.

As meastúcháin 20%, íoctar cnapshuim (nó aisce). Braithfidh an méid ar cé chomh dona is atá an míchumas agus ar a thréimhse. Íoctar pinsin as meastúchán os cionn 20%.

Íoctar Forlíonadh Éagumais le daoine atá ag fáil Sochair Míthreorach ach iad measta gan a bheith in inmhe oibre i gcónaí, de bharr timpiste oibre nó galar ceirde, agus nuair nach bhfaigheann siad Sochar Breoiteachta (Caib. 4).

Cúram Leighis

Déantar clúdach sa Scéim Díobhála Ceirde ar chostas an chúraim leighis a bhíonn os cionn na speansas a d'íoc Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cheana nó trí Shochar Cóireála.

Agus cóir leighis á cur ort de bharr timpiste nó galar ceirde, cuirtear an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar an eolas laistigh den chéad 6 seachtaine.

Sochar Báis

Íoctar Sochar Báis nuair a fhaigheann duine faoi árachas bás de bharr timpiste nó galar ceirde. Féadtar é a íoc le cleithiúnaí(the) an duine a bhí ag fáil Pinsin Míthreorach ar uair an bháis ar bhonn measta ag 50% nó níos airde.

Séard is Sochar Báis ann ná:

- Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir;
- Pinsean Dílleachta;
- Pinsean Tuiste Chleithiúnaigh;
- Deontas Socraide.



Iarrtar an Sochar Báis ar an bhfoirm atá le fáil ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh laistigh de thrí mhí ón mbás. D'fhéadfaí Sochar a chailliúint mura ndéantar.

Cén tír a íocfaidh an sochar?

Is í an tír ina bhfuil árachas ar uair na timpiste nó an ghalair cheirde a íocfaidh sochar airgid as timpistí nó galair cheirde, is cuma faoi chónaí nó fanacht.

Má théann tú go Ballstát eile (mar shampla dul abhaile do théarnamh), ba cheart duit an scéal a insint don oifig óna íoctar an sochar, i bhfad roimh imeacht, ionas go bhfaighidh tú an sochar sa Stát eile.

Tá rialacha speisialta ann maidir le Sochar a íoc má tógadh an galar ceirde le linn fostaíochta i mbreis is Ballstát amháin. Agus má leanann an galar ag dul in olcas nó má thógann téarnamh níos mó ama ná mar a ceapadh. Má mheastar na rialacha a bheith sa chás, labhraítear leis an bhfoireann san Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Sampla

Bhíothas ag obair sa Bhulgáir le roinnt blianta roimh theacht go hÉirinn, áit a oibrítear le míonna. Ar an drochuair, tarlaíonn timpiste oibre agus níltear in inmhe oibre dá barr.

Cuirtear an fostóir ar an eolas láithreach maidir leis an timpiste agus iarrtar Sochar Díobhála laistigh de 21 lá ón uair nárbh fhéidir oibriú.

An té nach bhfuil in inmhe oibre tar éis 26 seachtain, féadtar Sochar Breoiteachta a íoc leis in Éirinn ar choinníollacha ÁSPC. Cuirfear tréimhsí árachais san Bhulgáir san áireamh chomh maith le cuid na hÉireann, más gá chun na coinníollacha ÁSPC a chomhlíonadh.

Má leanann éagumas coirp nó intinne de bharr na timpiste oibre, d'fhéadfaí Sochar Míthreorach a íoc.

Agus bheith i dteideal costas cúram leighis i gcúinsí áirithe.





CAIBIDIL 6

Pinsean Easláine



Íoctar Pinsean Easláine in aghaidh na seachtaine in ionad Sochar Breoiteachta (Caib. 4) do dhaoine faoi árachas a mheastar le héagumas seasmhach oibre, agus a chomhlíonann coinníollacha ÁSPC.

Go hiondúil, chun Pinsean Easláine a fháil caithfidh Sochar Breoiteachta a bheith á íoc le 12 mí ar a laghad. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfaí a fháil níos luaithe. Má tá cónaí in Éirinn íoctar an Pinsean, maraon le breis do dhuine fásta cáilithe agus do leanaí cáilithe (Caib. 12) isteach i gcuntas bainc, sin nó le leabhar ordaithe airgid iníoctha gach seachtain in oifig an phoist.

Lasmuigh d'Éirinn íoctar seic sa mhí.

Cén tír a íocfaidh an sochar?

Daoine le hárachas in Éirinn

Daoine le hárachas in Éirinn amháin lena saol oibre, íocfar Pinsean Easláine leo, áirithe de réir na rialacha thuas.

Daoine le hárachas i níos mó ná aon tír amháin

Tá dhá chineál éagsúla scéimeanna easláine sna tíortha san AE/LEE.

- I roinnt tíortha, agus Éire ina measc, íocfar an méid céanna pinsin, is cuma cén fhad ar mhair árachas roimh an éagumas buan oibre. Scéim A a oibrítear ansin;
- I dtíortha eile áirítear Pinsean Easláine sa chaoi chéanna le pinsean seanaoise: braitheann méid an phinsin ar an tréimhse árachais roimh an iarratas. Scéim B atá sna tíortha sin.



Seo liosta ina ndéantar cur síos ar na tíortha le Scéim A nó le Scéim B.

Tíortha le Scéimeanna Cineál A	Tíortha le Scéimeanna Cineál B
An Bheilg	An Ostair
	An Bhulgáir
An Fhionlainn (le haghaidh na bpinsean náisiúnta a íoctar le daoine a rugadh faoi mhíchumas nó ar tháinig míchumas orthu agus iad go hóg)	An Danmhairg
An Fhrainc (seachas dóibh siúd atá fostaithe mar mhianadóir nó daoine atá féinfhostaithe ach ní mar oibrí talmhaíochta)	An Fhionlainn (seachas do phinsin náisiúnta a íoctar le daoine a rugadh faoi mhíchumas nó ar tháinig míchumas orthu agus iad go hóg)
An Ghréig (sa scéim talmhaíochta amháin)	An Fhrainc (do mhianadóirí amháin)
Éire	An Ghearmáin
An Ísiltír	An Ghréig (seachas an scéim árachas talmhaíochta)
An Spáinn (seachas na scéimeanna speisialta do státseirbhísigh, na fórsaí armtha agus an córas breithiúnach.)	An Íoslainn
An RA	
An Eastóin (le haghaidh scéimeanna speisialta ar leith amháin)	An Iodáil
An Laitvia (seachas sochair easláine áirithe)	Lichtinstéin
	Lucsamburg
	An Iorua
	An Phortaingéil
	An Rómáin
	An Spáinn (le haghaidh na státseirbhíseach, na bhfórsaí armtha agus an chórais bhreithiúnaigh amháin)
	An tSualainn
	An Eilvéis
	An Chipir
	Poblacht na Seice
	An Eastóin (seachas scéimeanna áirithe)
	An Ungáir
	An Laitvia (sochair easláine a bronnadh faoi Easláine i nGrúpa I & Grúpa II)
	An Liotuáin
	Malta

Braitheann pé tír a íocfaidh an pinsean ar an scéim chuí sa tír mar a raibh árachas. Tá go leor féidearthachtaí:

- Má bhí árachas i dtír **Chineál A**, íocfar pinsean ón Stát mar a raibh an t-árachas ar uair gur tháinig éagumas buan oibre ort.

Sampla 1

Tá tú ag obair in Éirinn agus tá tú faoi mhíchumas oibre, a bhfuil easláine mar thoradh air. Sula raibh tú ag obair in Éirinn, d'oibrigh tú ar feadh roinnt blianta san Ísiltír, áit a raibh tú faoi árachas le haghaidh easláine. Is féidir leat iarratas a chur isteach ar Phinsean Éasláine ó Éirinn, ach níl tú i dteideal Pinsean Easláinte a fháil ón Ísiltír. Sa chás nach bhfuil go leor ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha agat ar do thaifead Éireannach le cáiliú don phinsean, d'fhéadfaí ranníocaíochtaí a íocadh san Ísiltír a chur le do ranníocaíochtaí in Éirinn.

- Má bhí árachas sna **tíortha B** amháin, gheobhfar pinsin éagsúla ó gach tír acu.

Sampla 2

Cónaí in Éirinn ach tarlaíonn éagumas oibre agus easláine ina dhiaidh. Sular bhog tú go hÉirinn, d'oibrigh tú ar feadh roinnt blianta sa Ghearmáin agus sa Pholainn. Má chomhlíonann tú na coinníollacha le haghaidh scéimeanna na Gearmáine agus na Polainne, gheobhaidh tú pinsin ar leith ón dá thír. Braitheann méid an phinsin ar fhad na fostaíochta i ngach tír faoi seach.

- Má bhí árachas **ar dtús** i dtír **Chineál B** agus ansin i dtír Chineál A, tá dhá fhéidearthacht ann: go hiondúil, íocfar dhá phinsean – ceann ón gcéad Stát, bunaithe ar thréimhsí árachais faoi dhlí an Stáit agus ceann eile ón Stát mar ar tharla éagumas oibre. D'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh buntáiste leis an aon phinsean ón Stát deiridh mar a raibh árachas.



Sampla 3

Ag obair in Éirinn ach tarlaíonn éagumas agus leanann easláine dá bharr. Sula raibh tú ag obair in Éirinn, bhí tú ag obair sa Pholainn ar feadh tréimhse ghearr. Is féidir leat Pinsean Easláine a fháil in Éirinn má shásaíonn tú na coinníollacha ÁSPC ar do thaifeas árachais shóisialta in Éirinn, gan gá a bheith le ranníocaíochtaí a íocadh sa Pholainn a chur san áireamh agus mura gcáilíonn tú do phinsean easláine ón bPolainn nó mura gcuireann tú éileamh isteach ar shochair seanaoise.

In éagmais go leor ranníocaíochtaí ÁSPC le Pinsean Easláine a fháil nó má iarrtar sochair seanaoise, gheobhfar íocaíochtaí ó Éirinn agus ón bPólainn. Braitheann an méid ar na tréimhsí fostaíochta sa dá tír.

→ Má bhí tú fostaithe **ar dtús** i dtír de **Chineál A** agus ansin i dtír de Chineál B, íocfar dhá phinsean leat, agus an dá cheann acu ag brath ar thréimhse an árachais i ngach tír faoi leith.

Sampla 4

Tá tú ag obair sa Pholainn, áit ar tháinig éagumas iomlán oibre ort. Sula raibh tú fostaithe sa Pholainn, d'oibrigh tú ar feadh roinnt blianta in Éirinn. Má chomhlíonann tú na coinníollacha de scéimeanna easláine na Polainne agus na hÉireann, gheobhaidh tú íocaíochtaí ar leith ó gach ceann de na tíortha seo. Braitheann an méid ar fhad d'fhostaíochta i ngach aon tír.



Conas mar a áirítear an íocaíocht

Dearcfar san uile Stát inar íocadh árachas, ar an taifead árachais faoin scéim agus áireofar dá bharr méid an phinsin. Ar chomhlíonadh na gcoinníollacha, íocfar pinsean ó gach Stát.

Dearcfar ar an árachas in aon Bhallstát freisin. B'fhéidir go mbeadh pinsean, nó pinsean níos airde, le fáil faoin a scéim siúd. Chuige sin, malartaíonn gach Stát na sonraí árachais.

Áiríonn gach Stát méid an phinsin a íocfar. Tá dhá chóras ann chuige sin le teideal pinsin a áireamh. Íocfar an méid is airde ar bhonn an chórais is fearr. Íocfar de réir an toraidh is fearr.

Sampla

Bhí árachas ann le:

→ 10 mbl. i mBallstát A; agus

→ 5 bl. i mBallstát B.

Sin 15 bl. árachais san iomlán roimh an éagumas oibre agus easláine.

Módh 1: Áiríonn gach Stát méid an phinsin as árachas ina scéim leasa shóisialaigh féin.

Módh 2: Ríomhann gach ceann acu méid an phinsin iníoctha, amhail is dá mbeadh na ranníocaíochtaí uilig isteach ina chóras leasa shóisialaigh féin.

Sa sampla thuas, áireoidh Stát A an pinsean as 15 bl. árachais sa Stát. Íocfar an cion cuí bunaithe ar an tréimhse árachais – $10/15$ (nó $2/3$) den iomlán – má tá an méid sin níos airde ná le Módh 1.

Sa chaoi chéanna, íocfaidh Stát B $5/15$ (nó $1/3$) den iomlán a bheadh le fáil as 15 bl. árachais sa Stát.

Nuair a fhaigheann tú d'íocaíocht ar an mbealach seo, is ar bhunús pro-rata a bhíonn sé – coibhéis den tréimhse árachais iomlán.





CAIBIDIL 7

Sochair Dífhostaíochta

Ag teacht le rialacha an AE, is sochar dífhostaíochta é Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta.

Féadfar Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a íoc in aghaidh na seachtaine le linn dífhostaíochta le daoine le hárachas. D'fhonn an Sochar a fháil caithfear:

- coinníollacha rannaíochta ÁSPC a chomhlíonadh;
- a bheith in ann obair a dhéanamh agus a bheith ar fáil di; agus
- a bheith ar lorg oibre go dáiríre.

I gcúinsí áirithe is féidir duine a dhícháiliú ar feadh tréimhsí, m.sh. gur cailleadh post de bharr mí-iompair nó má dhiúltaítear tairiscint chothrom fostaíochta.

Go hiondúil, is ar an 4ú lá dífhostaíochta a íocfar an Sochar. Ach má iarradh sochair breoiteachta nó dífhostaíochta sa tréimhse 13 seachtain díreach roimh an Sochar a lorg, d'fhéadfaí é a íoc ar an gcéad lá dífhostaíochta. De ghnáth, íoctar Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta ar feadh 390 lá.

Cuirtear isteach ar an Sochar ar an gcéad lá dífhostaíochta san Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil. D'fhéadfaí foirmeacha cáin ioncaim a iarradh – foirm P45 (teastas cáin ioncaim agus ÁSPC ó thús na bliana cánach nó go dtí dáta na dífhostaíochta) maraon le P60 (teastas dheireadh na bliana ar cháin agus ÁSPC a íocadh), d'fhonn teideal chun sochair a mheas.

Íoctar an Sochar in aghaidh na seachtaine dar gcionn le seic, le dréacht poist le bailiú ó oifig an phoist, nó i gcuntas bainc. Ráta pearsanta atá ann maille le méideanna breise do dhuine fásta cáilithe agus do leanaí cáilithe (Caib.12).

Dífhostaithe in Éirinn i ndiaidh oibre san AE/LEE

Má tá an dífhostaíocht in Éirinn, féadtar tréimhsí árachais nó a hionsamhail comhlíonta i mBallstát eile a áireamh, le méid an tSochair a mheas. Bíonn sé seo ann má bhí ranníocaíochtaí A, H nó P⁷ ÁSPC á ndéanamh ó tháinig tú anseo nó ó d'fhill tú ar an tír seo.

7 Bíonn Aicme A á íoc ag fostaithe tionscail, tráchtála agus seirbhíse a bhfuil tuilleamh comhlán de €38 nó níos mó ó gach post atá acu; Oifigigh neamhchoimisiúnaithe sna Fórsaí Armtha agus saighdiúirí singile a íocann Aicme H.; Aicme P á íoc ag daoine féinfhostaithe go roghnach – agus iad ag brath ar iascaireacht chomhchodanna mar phríomh-ioncam.



Sampla

Cuireann tú iarratas isteach ar Shochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta in Éirinn, ach níl na coinníollacha ranníocaíochta comhlíonta agat toisc nár mhair an obair ach ar feadh trí mhí. Ach sula raibh tú fostaithe sa tír seo, bhí tú ag obair ar feadh dhá bhliain sa Liotuáin. Chun na coinníollacha a chomhlíonadh, cuirfead na tréimhsí árachais sa Liotuáin le do thaifead in Éirinn.

Ar lorg oibre i mBallstát eile

Ar a bheith dífhostaithe, tá cead cuairt 3 mhí a thabhairt ar Bhallstát eile agus an Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a choimeád.

Íocfar an Sochar fad is a lorgáitear obair sa Bhallstát eile agus ar feadh tréimhse theoranta. Tá dian-choinníollacha ann:

- Is gá gur fhan tú ar fáil do sheirbhísí fostaíochta an Stáit a íocann an sochar, ar feadh ceithre seachtaine ar a laghad, tar éis duit do phost a chailliúint. Tá cead ag na seirbhísí sin an tréimhse 4 seachtaine a laghdú;
- Caithfidh tú clárú leis na seirbhísí fostaíochta sa tír ina bhfuil tú ar lorg oibre, taobh istigh de sheacht lá tar éis duit imeacht;
- Is gá duit rialacha na seirbhísí fostaíochta sa tír sin a leanúint.

Ach na coinníollacha seo a chomhlíonadh, íocfar an sochar leat ar feadh trí mhí ar a mhéid.

A bhfuil le déanamh roimh imeacht

- Lín isteach an fhoirm do 'Iarratas ar theastas E303', rud atá ar fáil san oifig leasa shóisialaigh nó san oifig fostaíochta áitiúil. Comhlíontar an fhoirm ar fad;
- Deimhnigh go bhfuil Cárta Árachas Sláinte Eorpach (EHIC) nó Teastas Athsholáthair Sealadach (PRC) ann. De bharr na bhfoirmeacha úd, tá pé cóir leighis is gá ó chóras poiblí na tíre ina bhfuil cónaí ar fáil, le linn na cuairte ar lorg poist. Is í an tír a íocann sochar dífhostaíochta a íocfaidh as an leigheas. Má glactar le post sa tír eile, nó má thagann deireadh le hárachas na céad tíre, níl foirmeacha EHIC nó PRC bailí a thuilleadh. Tá tuilleadh faoi EHIC nó PRC i gCaib. 4.



→ Léitear go cúramach pé eolas atá le teastas E303. Taispeántar an Teastas san oifig leasa shóisialaigh nó fostaíochta sa tír ina bhfuil obair á lorg d'fhonn sochar dífhostaíochta na tíre a fháil.

Ar theacht sa tír ina lorgaítear obair

- Cláraigh gan mhoill, 7 lá ar a mhéid, le seirbhís fostaíochta na tíre thall;
- Is iad na seirbhísí sin a shocraíonn pé coinníollacha a ghabhann le lorg oibre. Íocfar an sochar in airgead reatha na tíre sin;
- Má fhaightear fostaíocht, cuirtear ar an eolas an oifig fostaíochta thall, maraon leis an oifig áitiúil sa tír a íocann an sochar dífhostaíochta.

Sampla

Ag obair i bPoblacht na Seice le 5 bl. agus dífhostaithe ansin. Faightear Sochar Dífhostaíochta thall ansin ar feadh 6 seachtaine, ach filltear ar Éirinn ag lorg oibre. Iarrtar an Sochar a bhogadh go hÉirinn ar an Fhoirm “Iarratas ar Theastas E303”.

Ar theacht go hÉirinn cláraítear láithreach, 7 lá ar a mhéid, san oifig leasa shóisialaigh/fostaíochta is gaire don áit chónaithe/fanachta abhus. Beidh ort iarratas a chur isteach ar uimhir PSP, mar sin beidh cruthúnas aitheantais ag teastáil uait (pas, mar shampla) agus cruthúnas de d'áit chónaithe (mar shampla, litir ó do thiarna talún). A fhad is a fhaigheann tú Sochar Dífhostaíochta in Éirinn, beidh ort a léiriú go bhfuil tú ar lorg oibre go dáiríre agus seans go mbeidh ort clárú leis an ngníomhaireacht oiliúna agus fostaíochta (darb ainm FÁS)

Má éiríonn leat obair a fháil in Éirinn, ba cheart duit an méid sin a chur in iúl don oifig fostaíochta sa tír seo agus don oifig leasa shóisialaigh agus fostaíochta i bPoblacht na Seice.



Filleadh abhaile

- Ar mhaithe le sochair sa tír dhúchais a choinneáil, caithfear filleadh laistigh de 3 seachtaine ón dáta curtha leis an Teastas E303. Tá dáta deiridh le filleadh abhaile, luaite ar an Teastas fosta;
- Roimh fhilleadh, deimhnítear go líontar an leathanach deiridh sa Teastas E303 san oifig fostaíochta/ leasa shóisialaigh;
- Ar fhilleadh abhaile, insítear an scéal láithreach don oifig áitiúil agus tugtar an leathanach deiridh sin den E303 dóibh;
- Níl fócaíocht le trí mhí le fáil ach an aon uair amháin idir dhá thréimhse fostaíochta.

Sampla

Thángthas go hÉirinn ó Phoblacht na Seice ag lorg oibre agus íocadh sochar dífhostaíochta le trí mhí ó Phob. na Seice. Ceal oibre a fháil abhus, filltear abhaile.

Le cearta sochair dífhostaíochta a choinneáil thall ansin, caithfear filleadh ann laistigh de 3 mhí ón dáta imeachta luaite ar E303. Tá dáta deiridh don fhilleadh abhaile ann freisin. Ar theacht arís i bPoblacht na Seice, insítear an scéal láithreach san oifig leasa shóisialaigh/fostaíochta.



Sochar dífhostaíochta do lucht oibre thar theorainn

Oibrí thar theorainn agus dífhostaithe go sealadach nó go hiomlán, iarrtar sochair i bpé tír inar oibríodh.

Agus dífhostaithe go hiomlán, cláraítear ar mhaithe le sochar le seirbhísí fostaíochta sa tír chónaithe. Bíonn eisceacht ann má léirítear gaol níos láidre leis an tír dheiridh fostaíochta.

Sampla 1

Cónaí i dTuaisceart Éireann agus ag taisteal chun na hoibre i bPoblacht na hÉireann gach lá. Laghdaítear an tseachtain oibre go dtí trí lá. Beidh tú i dteideal Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a fháil, má chomhlíonann tú na coinníollacha eile go léir i bPoblacht na hÉireann le haghaidh na laethanta nach raibh tú ag obair.

Sampla 2

Cónaí sa Phoblacht agus ag obair i dTuaisceart Éireann. Filltear ar Phoblacht na hÉireann uair sa tseachtain ar a laghad. Ar an drochuair, níl tuilleadh oibre ag an bhfostóir agus tá dífhostaíocht iomlán i gceist. Sa chás sin, íocfar Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - ach na coinníollacha a chomhlíonadh - ó Phoblacht na hÉireann .i. Stát cónaithe. Ach má chruthaítear gaol níos láidre leis an Tuaisceart - agus má chomhlíontar na coinníollacha eile uilig - is sa Tuaisceart a íocfar Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta.





CAIBIDIL 8

Sochair Teaghlaigh

De réir rialacha an AE, meastar na sochair seo ina sochair teaghlaigh:

- Sochar Linbh;
- Forlíonadh Luathchúram Leanaí;
- Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh;
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora;
- Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach);
- Liúntas Cúram Baile.

Sochar Linbh

Íoctar Sochar Linbh le haghaidh gach linbh faoi 16. Ardaítear go 19 bl. é má tá oideachas lánaimseartha nó éagumas i gceist.

In obair faoi árachas in Éirinn nó ag fáil sochair nó pinsin faoi dhlí na hÉireann, d'fhéadfaí Sochar Linbh a fháil ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, fiú má tá an leanbh ina c(h)ónaí i mBallstát eile.

Ar an gcéad lá den mhí a íoctar Sochar Linbh, tar éis na breithe nó teacht i gcónaí in Éirinn. M.sh. má bheirtear leanbh i mBealtaine, íoctar an Sochar ón gcéad lá de Mheitheamh. Go hiondúil, íoctar leis an mháthair é agus ba chóir é a iarradh laistigh de 3 mhí ó bhreith an linbh nó ar theacht go hÉirinn ar fhoirm ar fáil in Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Má tá breith iomadúil, ann tá cnap-shuimeanna le dáileadh ar an tuiste nó ar an gcaomhnóir ar a mbreith agus arís in aois 4 bl. agus 12 bl.

Forlíonadh Luathchúram Leanaí

Íoctar an Forlíonadh seo chun cabhrú le tuistí costais cúram leanaí a íoc. Uair sa ráithe a íoctar é i leith leanaí faoi bhun 6 bl.

Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh


Íocaíocht sheachtainiúil is ea an Forlíonadh, saor ó cháin, do theaghlaigh, teaghlaigh aontuismitheora san áireamh, agus iad ag obair le pá íseal.



Is iad na cáilíochtaí is gá ná:

- a bheith i d'fhostaí i bhfostaíocht lánaimseartha, agus tú ag obair ar feadh 19 uair nó níos mó in aghaidh na seachtaine nó 38 uair nó níos mó ina aghaidh na coicíse;
- leanbh cáilithe amháin ar a laghad a bheith agat, atá ina g(h)náthchónaí leat agus atá á t(h)acú agat;
- go mbeadh d'ioncam faoi bhun méid áirithe (e.g. sa bhliain 2007 €480 le haghaidh teaghlaigh le leanbh amháin).

Fostaíocht lánaimseartha sin fostaíocht a mhairfidh le 3 mhí ar a laghad. Níl post ócáideach, obair shéasúrtha, ná scéim urraithe ag an Rialtas le cur san áireamh mar fhostaíocht lánaimseartha.



Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora

Is íocaíocht í an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora d'fhir agus do mhná faoin aois pinsin (66 bliain), atá ag tógáil linbh nó leanaí gan tacaíocht páirtí.

Iarrtar an Íocaíocht do dhuine:

- neamhphósta, faoi bhaintreachas, céile príosúnaigh, do dhuine scartha, nó
- má tá pósadh curtha ar ceal agus gan chónaí lena chéile.

Cáileofar don Íocaíocht:

- más duine thú le cúram linbh amháin ar a laghad agus an leanbh in aontíos;
- gan chónaí in aontíos (comhchónaí mar fhear céile nó mar bhean chéile);
- tuarastal faoi bhun €375 sa tseachtain;
- tá tástáil acmhainne ann; agus
- coinníoll gnáthchónaí le comhlíonadh.

Déantar íocaíocht trí íocaíocht dhíreach i gcuntas bainc nó trí leabhar orduithe iníoctha ar féidir airgead a dhéanamh díobh go seachtainiúil ag do rogha oifig poist.

Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach)

Íocaíocht ar bhonn tástáil acmhainne, le caomhnóir dílleachta go hiondúil. Leantar á híoc a fhad le 18 bl. d'aois, nó 22 bliain d'aois má an dílleachta in oideachas lánaimseartha i rith an lae, i scoil aitheanta nó i gcoláiste. Maidir leis an íocaíocht seo, féachtar ar an leanbh mar dhílleachta nuair atá an bheirt tuismitheoirí marbh nó tuiste amháin marbh nó ainaithnid nó gur thréig sé/sí an leanbh nó gur theip air/uirthi cur ar fáil a dhéanamh dó/di agus gur duine ainaithnid é an tuiste eile nó gur thréig sé/sí an leanbh nó má theip air/uirthi cur ar fáil a dhéanamh dó/di.

Déantar íocaíocht trí íocaíocht dhíreach i gcuntas bainc nó trí leabhar orduithe iníoctha ar féidir airgead a dhéanamh díobh go seachtainiúil ag do rogha oifig poist.

Liúntas Cúram Baile

Íocaíocht is ea an Liúntas seo ar son leanaí go dtí 16 bl. atá ina gcónaí sa bhaile agus gá acu le cúram i bhfad níos mó ná an gnáthchúram do leanaí dá gcomhaois. Is íocaíocht de réir tástáil acmhainne é an liúntas seo, a bhíonn á chur ar fáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, arna bhunú ar acmhainn an linbh. Ioctar in aghaidh na míosa le tuiste nó le caomhnóir an linbh é.



Cén tír a íocaidh an sochar?

Ós rud é go mbíonn sochair teaghlaigh ar fáil go minic i níos mó ná Ballstát amháin, tá na Rialacha seo a leanas ag an AE le socru cén tír a íocfaidh na sochair úd.

- Má tá ceart don sochar ag brath ar choinníollacha ranníocaíochta an árachais shóisialta, caithfear tréimhsí árachais i mBallstát eile a chur san áireamh chuige sin;
- Níl riachtanas cónaithe faoi dhlí náisiúnta bailí a thuilleadh;
- Tá teidlíocht sochair teaghlaigh sa Stát ina mbíonn tú ag obair níos láidre ná mar atá sa tír ina bhfuil tú i do chónaí. Má tá fostaíocht sa dá Stát, is tábhachtaí an ceann ina bhfuil leanaí;
- Más airde na sochair teaghlaigh sa Stát ina bhfuil cónaí ná mar atá sa Stát ina bhfuil an obair, íocfaidh an dara Stát forlíonadh as an dífear eatarthu.

Roinnt samplaí praiticiúla

Cabhróidh na samplaí le tuiscint na rialacha.

Sampla 1

Teaghlach (idir tuistí agus leanaí) ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann, tuiste ag obair agus tuiste gan obair. Sa chás sin, tá sochair teaghlaigh le fáil ón bPoblacht. Má thosaíonn an tuismitheoir nach bhfuil ag obair, i bpost i mBallstát eile, sa Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) mar shampla, beidh tú i dteideal sochair teaghlaigh a fháil ó Phoblacht na hÉireann, ach d'fhéadfá a bheith i dteideal forlíonadh a fháil ó údarás Thuaisceart Éireann chomh maith, má tá méid na sochar teaghlaigh ón RA níos airde ná mar atá siad i bPoblacht na hÉireann.

Sampla 2

Bhí tú i do chónaí le do theaghlach san Ísiltír ach tháinig tú go hÉirinn agus fuair tú post. Fanann tuismitheoir eile na clainne san Ísiltír gan obair. Beidh tú i dteideal sochair teaghlaigh a fháil ó Éirinn, le haghaidh do leanaí atá ina gcónaí san Ísiltír. Má tá na sochair teaghlaigh atá á n-íoc ag údarás na hÍsiltíre níos airde ná na sochair teaghlaigh in Éirinn, d'fhéadfadh údarás na hÍsiltíre forlíonadh a íoc leat.

Sampla 3

I Sampla 2 glacann an tuiste san Ísiltír le fostaíocht, ach an tuiste eile ag fanacht in Éirinn. Íocfaidh na húdaráis thall na Sochair Teaghlaigh agus íocfaidh Éire an forlíonadh má tá na sochair in Éirinn níos airde ná na sochair san Ísiltír.

Beidh na rialacha i Samplaí 2 agus 3 bailí in Éirinn má bhíonn an tuiste in Éirinn dífhostaithe agus ag fáil Sochair Lucht Cuardaigh Fostaíochta abhus.

Má tá tú i bhfostaíocht agus má tá do thuilleamh faoi bhun méid áirithe, d'fhéadfá a bheith i dteideal Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh.

Sampla 4

Ar theacht go hÉirinn agus ag fágáil teaghlaigh – bean chéile nach bhfuil ag obair agus beirt leanaí – sa bhaile sa Liotuáin. Má tá ioncam as fostaíocht faoi mhéid áirithe (ar bhonn líon leanaí), bheadh forlíonadh le fáil ina chéatadán den difear idir ioncam na seachtaine agus méid áirithe ar líon na bpáistí. Bheadh Sochar Linbh ar fáil fosta.

Agus íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ar fáil do thuiste aonair chomh maith.

Sampla 5

Tuiste aonair agus cónaí in Éirinn le leanbh. D'fhéadfaí íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora agus Sochar Linbh a fháil in Éirinn. I gcás fostaithe le tuarastal faoi mhéid áirithe, d'fhéadfaí Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh a íoc chomh maith.





CAIBIDIL 9

Pinsin Seanaoise



Ag teacht le Rialacha an AE is sochair seanaoise iad na sochair seo:

- Pinsean Stáit (Eatramhach);
- Pinsean Stáit (Ranníocach).

Pinsean Stáit (Eatramhach)

Íocfar an Pinsean seo in aois 65 bl. dóibh siúd a d'éirigh as fostaíocht lánaimseartha agus a chomhlíon coinníollacha ÁSPC. Go hiondúil, meastar duine idir 65 agus 66 bl. a bheith éirithe as obair ach iad ag tuilleamh níos lú ná €38 sa tseachtain as fostaíocht nó €3174.35 ar a mhéid sa bhliain as féinfhostaíocht. Ní bhaineann an coinníoll maidir le héirí as obair le daoine in aois 66 (aois an phinsin).

Iarrtar an pinsean trí mhí ar a mhéad roimh aois 65 bl. nó laistigh de trí mhí tar éis éirí as fostaíocht le hárachas, má tharlaíonn sé tar éis 65 bl. Tá foirm iarratais ar fáil i ngach Oifig Leasa Shóisialaigh agus in oifig an phoist.

Íoctar an pinsean le leabhar ordaithe iníoctha in oifig an phoist (ma tá cónaí in Éirinn) nó i gcuntas bainc. Ráta pearsanta atá ann le méid breise do dhuine fásta cáilithe agus do leanaí cáilithe (Caib. 12).

Íoctar Pinsean Stáit (Eatramhach) thar lear. Má tá sé ar intinn dul a chónaí thar lear, cuirtear fios roimh ré ar an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag:

Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste
Sligeach

Guthán: Íosghlao 1890 50 00 00 - ó Phoblacht na hÉireann nó
(071) 916 9800



Pinsean Stáit (Ranníocach)

Íoctar seo ó aois an phinsin (66 bl.) le duine le hárachas a chomhlíonann coinníollacha ÁSPC. Íocfar an Pinsean fiú má leantar ag obair. Ach ní féidir é a fháil maraon le Pinsean Stáit (Eatramhach). Iarrtar an Pinsean trí mhí ar a mhéad roimh aois an Phinsin.

Íoctar an pinsean le leabhar ordaithe iníoctha in oifig an phoist (ma tá cónaí in Éirinn) nó i gcuntas bainc. Ráta pearsanta atá ann le méid breise do dhuine fásta cáilithe agus do leanaí cáilithe (Caib. 12).

Íoctar an Pinsean Stáit (Ranníocach) thar lear. Má tá sé ar intinn dul a chónaí thar lear, cuirtear fios roimh ré ar an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag:

Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Guthán - Íosghlao 1890 50 00 00 – ó Phoblacht na hÉireann nó
(071) 916 9800

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh daoine a d'íoc ranníocaíochtaí ÁSPC ag ráta iomlán agus ag ráta modhnaithe ar aon⁸, cáiliú do phinsean ag ráta laghdaithe in aois 66 (nó roimh 66 i gcás Pinsean Baintrí/Baintreach Fir, má chailltear céile roimh aois 66).

Íocfar Pinsean Stáit (Eatramhach) in aois 65 bl. dóibh siúd a d'éirigh as fostaíocht lánaimseartha. Íoctar Pinsean Stáit (Ranníocach) ó aois 66 ar aghaidh, fiú má leantar ag obair.

8 Tá roinnt oibríthe san earnáil phoiblí nach bhfuil clúdach na sochar ná na bpinsean uilig acu agus íocann siad ranníocaíocht ÁSPC modhnaithe.




Rátaí laghdaithe pinsean - Leathphinsean speisialta as íocaíochtaí roimh 1953

Má íocadh árachas sóisialta iomlán roimh 1953, d'fhéadfaí Pinsean Stáit (Ranníocach) speisialta a íoc ar leath-ráta. Chuige sin, tá gá le 260 ranníocaíocht fostaíochta.

Is iad na híocaíochtaí atá ann ná:

- ranníocaíochtaí roimh 1953 amháin, sin nó
- meascán roimh 1953 agus ina diaidh.

Chun an t-iomlán a áireamh, measfar gach dhá cheann roimh 1953 ina dtrí cinn.



Cén tír a íocfaidh an sochar?

Mura bhfuil go leor árachais maidir le hÍocaíochtaí ÁSPC don Phinsean Stáit (Eatramhach) nó do Phinsean Stáit (Ranníocach), d'fhéadfaí pinsean ar ráta laghdaithe a íoc as obair i mBallstát eile. Cuirtear an méid árachais sa Stát thall san áireamh leis an árachas in Éirinn. B'fhéidir go mbeadh pinsean le gnóthú sa tír/tíortha eile fosta.

Tá pinsean le hÍoc san uile thír faoi seach inar oibríodh le bliain ar a laghad, ach coinníollacha dhlí na tíre a chomhlíonadh (m.sh.teacht in aois pinsin). Áirítear tréimhsí árachais nó a n-ionsamhail i mBallstát eile, le dlí náisiúnta a chomhlíonadh.

Measfaidh gach Stát inar íocadh as árachas do phinsean leasa shóisialaigh an sciar ina scéim féin, agus méid an phinsin dá bharr. Ar chomhlíonadh na gcoinníollacha, íocfar pinsean ó gach Stát.

Dearcfa ar an árachas in aon Bhallstát freisin. B'fhéidir go mbeadh pinsean, nó pinsean níos airde, le fáil faoin a scéim siúd. Chuige sin, cuireann gach Stát na sonraí árachais chuig a chéile.

Áiríonn gach Stát méid an phinsin a íocfar ar dhá mhódh, chun an intofacht phinsin a mheas. Íocfar de réir an toraidh is fearr.

Sampla

Bhí árachas ann le:

- 10 mbliana i mBallstát A,
- 25 bl. i mBallstát B, agus
- le 5 bl. – Ballstát C.

Ciallaíonn sé seo go raibh tú faoi árachas ar feadh 40 bliain san iomlán, sular shroich tú an aois pinsin.



Módh 1: Áiríonn gach Stát méid an phinsin as árachas ina scéim leasa shóisialaigh féin.

Módh 2: Ríomhann gach ceann acu méid an phinsin iníoctha, amhail is dá mbeadh na ranníocaíochtaí uilig isteach ina chóras sóisialta féin.

Sa Sampla thuas, áiríonn Stát A méid an phinsin as 40 bl. árachais sa Stát. Íocfar pinsean bunaithe ar an tréimhse cúí – 10/40 (1/4) den iomlán – más airde an méid ná mar a bheadh as Módh 1.

Ar an dul céanna, íocfaidh Stát B 25/40 (5/8) den mhéid a bheadh le fáil as 40 bl. árachais.

Íocfaidh Stát C 5/40 (1/8) den mhéid as 40 bl. árachais.

Nuair a fhaigheann tú d'íocaíocht ar an mbealach seo, is ar bhunús pro-rata a bhíonn sé – coibhéis den tréimhse árachais iomlán.

D'fhéadfaí pinsean a fháil ón uile thír ina rabhthas ag obair faoi árachas le bliain ar a laghad.





CAIBIDIL 10

**Sochair Marthanóirí agus
Deontais Báis**

De réir Rialacha an AE, is iad seo na sochair ar a dtugtar sochair marthanóirí agus deontais báis:

- Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir;
- Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocaíoch);
- Deontas Méala.

Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir

Tá Pinsean Baintrí/Baintreach Fir le fáil ag duine:

- ina baintreach/ina bhaintreach fir, scartha le céile marbh agus neamhphósta;
- gan a bheith in aontíos (mar a bheadh fear céile agus bean chéile);
- ag comhlíonadh coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC; nó

fuair do chéile marbh Pinsean Stáit (Eatramhach) nó Pinsean Stáit (Ranníocach) ag an ngnáthráta, a raibh méadú ann duitse mar dhuine fásta cáilithe, nó a mbeadh an méadú seo ann ach go raibh Pinsean Stáit (neamh-ranníocach), Pinsean na nDall nó Liúntas Caomhnóra á fháil agat i do cheart féin.

Níl aois i gceist sa chás seo agus is cuma faoi ioncam, pinsean ceirde nó pinsean as fostaíocht chéile mhairbh. Meastar an pinsean ar árachas an mharthanóra **nó** ar árachas an mhairbh, ach ní chuirtear an dá árachas san áireamh.

Íoctar an pinsean uair sa tseachtain, maraon le breis airgid do leanaí cáilithe (Caib.12), sa chuntas bainc, sa chumann foirgníochta nó le leabhar orduithe iníochta in oifig an phoist.

Is féidir an Pinsean seo a íoc thar lear. Má tá sé i gceist an Pinsean a fháil thar lear, cuirtear an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar an eolas 4 seachtaine ar a laghad roimh ré:

Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste
Sligeach

Guthán Íosghlao 1890 50 00 00 – ó Phoblacht na hÉireann nó
(071) 916 9800



Cén tír a íocfaidh an sochar?

Tá pinsean le fáil ó gach tír ina raibh árachas le bliain ar a laghad, ach coinníollacha dlí na tíre a chomhlíonadh. Áirítear tréimhsí árachais nó a n-ionsamhail i mBallstát eile le dlí náisiúnta a chomhlíonadh. Ma bhí duine nó céile marbh ag obair sa Bhallstát eile, féadtar na tréimhsí árachais sin a áireamh chomh maith le tréimhsí in Éirinn, ar mhaithe le Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir.

Measfar taifead árachais gach Stáit maidir lena scéim féin agus socrófar méid an Phinsin. Gheofar pinsean ó gach Stát, ach na coinníollacha a chomhlíonadh.

Chuige sin, cuireann gach Stát na sonraí árachais chuig a chéile.

Áiríonn gach Stát méid an phinsin a íocfar ar dhá mhódh, chun an intofacht phinsin a mheas. Íocfar de réir an toraidh is fearr.

Sampla:

Bhí árachas ann le:

- 10 mbl. i mBallstát A,
- le 10 mbl. – Ballstát B agus
- le 5 bl. – Ballstát C.

Sin 25 bl. árachais roimh bhás an chéile.

Módh 1: Áiríonn gach Stát méid an phinsin as árachas ina scéim leasa shóisialaigh féin.

Módh 2: Ríomhann gach ceann acu méid an phinsin iníoctha amhail is dá mbeadh na ranníocaíochtaí uilig isteach ina chóras sóisialta féin.

Sa sampla thuas, ríomhann Stát A an méid a bheadh ann as 25 bl. sa chóras sin agus íocfar Pinsean dá réir .i. –10/25 (nó 2/5) den oll-mhéid – má tá sé sin níos airde ná Módh 1.

Agus íocfar 10/25 (nó 2/5) i Stát B, den oll-mhéid a bheadh le fáil as 25 bl.

Íocfaidh Stát C 5/25 (nó 1/5) den oll-mhéid freisin. Bheifeá i dteideal an mhéid sin sa Stát sin tar éis 25 bliain árachais.

Nuair a fhaigheann tú d'íocaíocht ar an mbealach seo, is ar bhunús pro-rata a bhíonn sé – coibhéis den tréimhse árachais iomlán.

Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)

Tá an íocaíocht le fáil do dhílleachta ach tuiste nó leas-tuiste ag comhlíonadh coinníollacha ranníocaíochtaí ÁSPC. Íoctar an liúntas le caomhnóir an dílleachta go dtí aois 18, nó 22 agus an dílleachta in oideachas lae lánaimseartha, ar scoil nó ar coláiste aitheanta.

Is dílleachta, maidir leis an íocaíocht seo, é leanbh agus beirt tuistí marbh, nó duine acu marbh nó ainathnid nó a thréigh agus d'ímigh gan a chothú, agus an tuiste eile mar an gcéanna.

Íoctar an liúntas go díreach isteach i gcuntas bainc nó i gcuntas i gcumann foirgníochta, nó trí leabhar orduithe iníoctha ar féidir airgead a dhéanamh astu go seachtainiúil ag do rogha oifig poist.

Cén tír a íocfaidh an sochar?

Dílleachta duine ar a raibh árachas in aon Bhallstát amháin, íocfar sochair dó/dí de réir dhlí an Stáit sin, is cuma cá bhfuil cónaí san AE/LEE.

Mura bhfuil go leor ranníocaíochtaí ÁSPC ann d'íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) féadfar tréimhsí árachais nó a n-ionsamhail a chur san áireamh ó Bhallstát eile, maraon leis an méid íoctha in Éirinn.



Má cháilíonn tú d'íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) agus má bhogann tú le bheith i do chónaí i mBallstát eile, gheobhaidh tú an liúntas go fóill, mura gcáilíonn tú d'íocaíocht choibhéiseach sa tír sin. Má cháilíonn tú d'íocaíocht sa tír nua, ach go bhfuil sí níos ísle ná an liúntas in Éirinn, íocfaidh Stát na hÉireann forlíonadh leat chun an difríocht a chothromú idir an dá mhéid.

Deontas Méala

Íocfar an Deontas má fhaigheann duine díobh seo bás:

- duine faoi árachas;
- céile an duine faoi árachas;
- baintreach nó baintreach fir ag duine faoi árachas;
- leanbh duine faoi árachas, agus an leanbh faoi 18, nó 22 in oideachas lánaimseartha (má chomhlíonann tuiste nó duine lena bhfuil gnáthchónaí coinníollacha Íocaíochta ÁSPC);
- pinsinéir ranníocach;
- céile pinsinéara ranníocaigh;
- duine fásta cáilithe an phinsinéara, agus iad siúd a bheadh cáilithe ach ag fáil íocaíocht shóisialta, m.sh. Liúnta Cúramóra;
- dílleachta ag fáil íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach).

Ar bhás duine fhásta, meastar Deontas Méala ar na híocaíochtaí ÁSPC, nó ar ranníocaíochtaí chéile an duine. Ar bhás linbh, meastar Deontas Méala ar íocaíochtaí árachais ceachtar de na tuistí, nó ar íocaíochtaí an duine lenar chónaigh an leanbh de ghnáth.

Iarrtar Deontas Méala laistigh de 12 mí ón mbás. Tá foirm iarratais ar fáil i ngach Oifig Leasa Shóisialaigh.



Cén tír a íocfaidh an sochar?

Go hiondúil, íocann aon tír amháin an Deontas – de ghnáth an tír ina raibh árachas an duine mhairbh. Féadtar tréimhsí árachais nó a n-ionsamhail i mBallstát eile a chur san áireamh más gá.

Íocann an tír atá freagrach an deontas (agus na coinníollacha comhlíonta) is cuma cá bhfuair an duine bás, sa tír sin nó i mBallstát eile.

Agus fosta, íoctar an deontas leis an té cuí, beag beann ar chónaí an té sin.

Sampla

Mhair duine ag obair in Éirinn lena bheo agus fuair Pinsean Stáit (Ranníocach) in Éirinn agus ghabh sé chun na Spáinne. Ar a bhás sa Spáinn, faoi dhlí na hÉireann, tá Deontas Méala le fáil ag a bhean nó ag a chlann, is cuma cá bhfuil cónaí san AE/LEE.





CAIBIDIL 11

Íocaíochtaí
Neamh-ranníocacha

Ag cónaí in Éirinn agus gan go leor ranníocaíochtaí le híocaíocht árachais shóisialta a fháil, nó má tá an intofacht ídithe, d'fhéadfaí íocaíocht neamh-ranníocach a fháil.

Is gá duit tástáil acmhainne a chomhlíonadh, le cáiliú don íocaíocht. De ghnáth, cáilíonn duine má tá a acmhainn faoi bhun méid áirithe.

Is iad na h-íocaíochtaí neamh-ranníocacha:

- Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta (dóibh siúd nach bhfaigheann Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta);
- Pinsean Stáit Neamh-ranníocach (dóibh siúd nach gcáilíonn do Phinsean Stáit (Ranníocach));
- Liúntas Míchumais (daoine ar mhíchumas in aois 16 agus faoi aois an Phinsin .i. 66);
- Pinsean na nDall (duine dall in aois 18 agus faoi aois an Phinsin .i. 66);
- Pinsean Baintrí/Baintreach Fir Neamh-ranníocach, do dhaoine faoi aois 66 agus nach bhfaigheann Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir ;
- Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach) (do dhílleachtaí nuair nach bhfuil Pinsean Caomhnóra Ranníocach le fáil);
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora (do thuiste aonair faoi aois an Phinsin .i. 66);
- Liúntas Cúramóra (Daoine ag tabhairt aire do dhaoine gur gá cúram agus aire lánaimseartha a thabhairt dóibh).

Tá coinníoll maidir le gnáthchónaí - .i. chun ceann de na híocaíochtaí seo a fháil, caithfear a chruthú go bhfuil gnáthchónaí le tamall leanúnach in Éirinn nó sa Chomhlimistéar Taistil - an Ríocht Aontaithe, Tuaisceart Éireann, Oileán Mhanann, Oileáin Mhuir nloch.

Ag teacht le Rialacha an AE, is Sochair Teaghlaigh iad Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach) (Caib. 8). Ach níl an coinníoll gnáthchónaí ann má tá intofacht ann de réir Rialacha an AE.





CAIBIDIL 12

Forálacha eile

Íocaíochtaí do chleithiúnaithe

Tá na cearta céanna ag fear agus bean d'íocaíocht do bhean chéile nó fear céile gur duine fásta cáilithe é/í agus leanaí cáilithe fosta. Tá breis-íocaíochtaí ann do dhaoine fásta cáilithe agus do leanaí cáilithe. Uaireanta, roinntear iad ar an mbeirt tuistí.

Cé atá mar dhuine fásta cáilithe?

Sin fear céile nó bean chéile in aontíos.

Má tá leanaí ann ina gcónaí leat agus tú singil agus i do bhaintreach nó scartha, is duine fásta cáilithe an té a thugann aire do na leanaí, agus é/í in aois a 16 nó níos mó, agus ina c(h)ónaí leat agus ag brath ort.

Níl breis airgid le fáil má tá:

- ioncam ag an duine os cionn méid áirithe;
